Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10872/25**

**LIMITE**

**CORLX 683**
**CFSP/PESC 1014**
**RELEX 858**
**MAMA 147**
**COARM 116**
**CONUN 118**
**FIN 762**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES[1], agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) De bhun Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart an iontráil do dhuine amháin a scriosadh, agus gur cheart na bearta sriantacha atá dírithe ar gach duine eile agus gach eintiteas eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a choinneáil ar bun.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(2)'), Cuid A ('Daoine'), scriostar iontráil 9 (a bhaineann le HOUEJ, Mohamad Ali);

(2) In Iarscríbhinn IV ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)'), Cuid A ('Daoine'), scriostar iontráil 9 (a bhaineann le HOUEJ, Mohamad Ali).

PUBLIC